

# Dréacht-Phlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050

## Leabhrán Comhairliúcháin

**Comhairliúchán Poiblí ar Dhréacht-PSSU 2050 agus na Tuarascálacha Timpeallachta**

# Cad atá i gceist?

**Is é an Dréachtphlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050 (PSSU 2050) ár bplean straitéiseach fadtéarmach. Leagtar amach ann ár gcuspóirí agus na bealaí ina bhfuil sé mar aidhm againn iad a bhaint amach i gcomhthéacs na ndúshlán suntasach is dócha a bheidh romhainn sna 25 bliana atá romhainn.**

## Uisce Éireann

Soláthraíonn Uisce Éireann, mar sholáthraí náisiúnta seirbhísí uisce poiblí na hÉireann, 1.7 billiún lítear uisce óil dár gcustaiméirí gach lá agus bailíonn agus déileálann sé níos mó ná 1.2 billiún lítear fuíolluisce sula gcuirtear ar ais go sábháilte chuig an gcomhshaol é.

Tá sé ríthábhachtach dár sochaí go ndéanfar seirbhísí uisce sábháilte, slán agus inbhuanaithe a sholáthar, lena dtacaítear le sláinte an phobail, lena dtacaítear le soláthar tithíochta agus post agus lena gcosnaítear ár dtimpeallacht agus ár gcuid acmhainní luachmhara uisce.

**ÁR GCUSPÓIR**

Seirbhísí bunathraitheacha uisce a chur ar fáil chun go mbeidh rath ar phobail, agus táimid inchurtha leis an dúshlán sin.

**ÁR BHFÍS**

Éire inbhuanaithe ina bhfuil meas ar uisce agus ina gcosnaítear é, don phláinéid seo agus do gach a maireann air.

Is é an phríomhfheidhm atá againn uisce óil glan a chur ar fáil do chustaiméirí agus fuíolluisce a chóireáil agus a chur ar ais sa timpeallacht ar bhealach sábháilte. Is trí na seirbhísí fíorthábhachtacha seo a chur ar fáil gur féidir linn fás eacnamaíoch a éascú, an timpeallacht a chosaint agus sláinte agus sábháilteacht ár gcustaiméirí agus an phobail a chosaint.

## Cad atá sa phlean?

Tá PSSU 2050 ar cheann de shraith pleananna agus doiciméad beartais atá ina dtreoir maidir le seachadadh seirbhísí uisce agus fuíolluisce in Éirinn.

Leagtar amach in PSSU 2050 an creat uileghabhálach le haghaidh pleananna cur chun feidhme níos mionsonraithe ina dhiaidh sin, lena n-áirítear amhail an Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU).




## Comhairliúchán

### Comhairliúchán 1

Bhain comhairliúchán 1 leis an bPáipéar Saincheisteanna, le Tuarascáil Scóipeála MST agus le Scagadh MC. Bhí an comhairliúchán seo ar siúl ar feadh ocht seachtaine ón 19 Meán Fómhair go dtí an 17 Samhain 2023. Rinne Uisce Éireann teagmháil díreach le príomhpháirtithe leasmhara reachtúla agus rialála le linn na tréimhse comhairliúcháin seo. Déantar achoimre sa Pháipéar Saincheisteanna ar na príomhdhúshláin a mbeidh tionchar acu ar Uisce Éireann agus ar na seirbhísí a chuirfimid ar fáil idir seo agus 2050. Bhí na dúshláin a shainaithnítear sa Pháipéar Saincheisteanna, mar aon lenár staidéar fadbhreathnaitheach, Fís 2050, mar bhunchloch ag Uisce Éireann chun cuspóirí fadtéarmacha a shainmhíniú agus a leagan amach in PSSU 2050.

### Comhairliúchán 2

Le haghaidh Comhairliúchán 2, tá an dréacht-PSSU 2050 agus na tuarascálacha timpeallachta gaolmhara á chur i láthair againn, ina gcuirtear i láthair na dúshláin atá romhainn maidir le seirbhísí uisce a chur ar fáil idir seo agus 2050. Leagaimid amach gníomhartha chun freagra a thabhairt ar na dúshláin seo, lena n-áirítear cuir chuige agus bealaí nua chun dul i ngleic lenár ndúshláin amach anseo.

## Cuir do chuid Tuairimí in iúl

Is mian linn anois ionchur a fháil uait maidir le dréacht-PSSU 2050 agus na tuarascálacha timpeallachta gaolmhara. Beidh an comhairliúchán ar siúl ar feadh ocht seachtaine ón 21 Bealtaine go dtí an 16 Iúil 2024. Gheobhaimid aiseolas maidir le PSSU 2050 ag an gcomhairliúchán poiblí seo, agus chomh maith leis sin, tabharfaidh na torthaí léargas dúinn ar dhearcthaí i leith seirbhísí uisce poiblí agus fuíolluisce agus ar na dúshláin atá romhainn faoi láthair agus a bheidh romhainn amach anseo.

## Dúshláin shuntasacha atá romhainn maidir lenár dtimpeallacht uisce

**Feidhmímid i dtimpeallacht dhomhanda atá ag athrú go gasta agus a bheidh ina chúis le dúshláin ollmhóra maidir le soláthar seirbhísí uisce.**

Rinneamar ár staidéar fadbhreathnaitheach, Fís 2050, i gcomhar le páirtithe leasmhara éagsúla. Leagtar amach sa staidéir sin torthaí inmhianaithe don earnáil uisce in Éirinn go 2050 agus sainaithnítear na dúshláin a meastar go mbeidh an tionchar is mó acu ar sholáthar seirbhísí uisce le linn na tréimhse sin.

Tá cur síos mionsonraithe ar na príomhdhúshláin agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acusan ar ár gcuid seirbhísí uisce leagtha amach i ndréacht-PSSU 2050.

- **Athrú Aeráide**
- **Bonneagar atá ag dul in aois**
- **Fás Daonra agus Eacnamaíoch**
- **Reachtaíocht, rialáil agus beartas**
- **Géarchéimeanna timpeallachta agus bithéagsúlachta**
- **Dálaí Eacnamaíocha**



# Conas agus Cathain?

## Ár gCur Chuige i leith PSSU 2050

**Beidh gá le bealaí nua oibre chun bonneagar uisce agus soláthar seirbhísí uisce a athrú ó bhonn. Áirítear leo sin Comhoibriú; Smaointeoireacht Córas; Pleanáil Oiriúnaitheach; Ár gCultúr a Chothú, ár nDaoine a Chumhachtú.**


**Beidh sé mar aidhm againn na cuir chuige agus na bealaí oibre sin a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh againn amach anseo, agus ag an am céanna a aithint go mbeidh gá le ceannach isteach freisin ónár bpáirtithe leasmhara i go leor cásanna.**

## Cad iad na Cuspóirí Straitéiseacha atá againn?


Shainaithníomar **4 chuspóir straitéiseacha** i ndréacht-PSSU 2050 chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhfuil tionchar acu ar sholáthar seirbhísí uisce go dtí 2050.

Tá **14 aidhm straitéiseacha** ag gabháil leis na ceithre chuspóir straitéiseacha a chuidíonn linn aghaidh a thabhairt ar na riachtanais infheistíochta is tábhachtaí atá againn, chun freagairt do riachtanais bheartais de réir mar a thagann siad chun cinn agus chun leas a bhaint as deiseanna nua chun ár mbonneagar a athrú ó bhonn.

I gcomhréir le hAlt 33(4) den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013, tá na modhanna atá beartaithe againn chun ár gcuid cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach leagtha amach againn. Léirítear iad mar 35 príomh-ghníomh



## Our Strategic Objectives and Aims at a glance




### Uisce óil sábháilte agus iontaofa

**Aidhmeanna Straitéiseacha**

1. Uisce óil sábháilte a chinntiú
2. Soláthairtí iontaofa uisce a sheachadadh
3. Ár n-acmhainní luachmhara a chaomhnú

### Tacú lenár gcustaiméirí, leis na pobail agus leis an ngeilleagar

**Aidhmeanna Straitéiseacha**

4. Seachadadh do chustaiméirí
5. Teagmháil le pobail
6. Soláthar a dhéanamh d'fhás

### Ár dtimpeallacht a chosaint agus a chur ar ais mar a bhí

**Aidhmeanna Straitéiseacha**

7. Ár dtimpeallacht uisce a chosaint
8. Ar ról a imirt faoin gCreat-treoir Uisce
9. Cur le bithéagsúlacht dhearfach

### Seirbhísí inbhuanaithe a oireann don aimsir atá amach romhainn

**Aidhmeanna Straitéiseacha**

10. Neodracht carbóin a bhaint amach
11. Cineálacha cur chuige ciorclacha a ghlacadh
12. Ár sócmhainní a bhainistiú
13. Tairbhe a bhaint as nuálaíocht
14. Maoiniú fadtéarmach a dhaingniú

# An tslí a ndéanfaimid ár gcuspóirí a bhaint amach

**Leagtar síos in PSSU 2050 an creat uileghabhálach le haghaidh pleananna cur chun feidhme ina dhiaidh sin a bheidh níos mionsonraithe na é.**

Leagtar amach sa PSSU ár gcuspóirí fadtéarmacha agus ár dtreo straitéiseach taistil chun iad a bhaint amach. Tá níos mó sonraí ar fáil inár bpleananna Shraith 2 faoin gcaoi a bhfuil sé mar aidhm againn ár gcuspóirí a bhaint amach. Tá ár bPlean Náisiúnta um Acmhainní Uisce i measc na bpleananna sin.

## Conas a dhéanfaimid dul chun cinn a mheas?

Tá Uisce Éireann faoi réir dianmhonatóireachta agus tomhais faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Déanann an Roinn monatóireacht ar fheidhmíocht san earnáil uisce i gcoitinne. Chun dul chun cinn a thomhas agus ár bhfeidhmíocht a mheas, tá Uisce Éireann á rialú ag an CRF (an Coimisiún um Rialáil Fóntas), an rialtóir eacnamaíoch a dhéanann maoirseacht ar fheidhmíocht UÉ agus ar ioncam ceadaithe. An GCC (an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) a fheidhmíonn mar an rialtóir comhshaoil, agus chinntíonn go gcomhlíonann UÉ Treoracha an AE agus Rialacháin Náisiúnta.



# An tSlí chun Páirt a Ghlacadh

**Leis an gcomhairliúchán poiblí seo, tugtar deis uathúil duit bheith páirteach le hUisce Éireann i bhforbairt ár straitéise 25 bliain do sholáthar seirbhísí uisce in Éirinn.**

Is é is cuspóir leis an gcomhairliúchán seo teagmháil fhiúntach a dhéanamh leis an bpobal, go háirithe leo siúd a bhfuil suim acu i seirbhísí uisce agus fuíolluisce, chun bonn eolais níos fearr a chur faoin ábhar i ndréacht-PSSU 2050 agus chun tuairimí a bhailiú faoi na cuspóirí straitéiseacha, na haidhmeanna, na gníomhartha agus na dúshláin atá leagtha amach sa phlean sa mhéid is go mbaineann siad lena chur i gcrích.

Tá sraith ceisteanna comhairliúcháin curtha ar fáil thíos mar threoir ag an bpróiseas, ach cuirtear fáilte roimh thuairimí ar bith faoi aon ghné dár seirbhísí agus faoi na bealaí is fearr chun uisce a chosaint agus chun meas air a spreagadh. Is mian linn anois ionchur a fháil uait maidir le dréacht-PSSU 2050 agus na tuarascálacha timpeallachta gaolmhara. Is é sin is cúis leis an gcomhairliúchán poiblí seo. Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin chun dréacht-PSSU 2050 a léamh agus chun **suirbhé comhairliúcháin** a chomhlánú nó bain úsáid as na ceisteanna comhairliúcháin molta mar threoir agat chun freagra a scríobh agus ansin seol d'aiseolas isteach chuig an gcomhairliúchán.

### Tá na doiciméid seo a leanas ar fáil ar ár suíomh gréasáin:

- Dréacht-PSSU 2050
- MST - Tuarascáil Timpeallachta
- Ráiteas Tionchair Natura
- Suirbhé Comhairliúcháin
- Sonraí faoi gach ócáid chomhairliúcháin agus faoin tslí chun clárú




## Treoir maidir le dréacht-PSSU 2050

1. **Eolas faoi Uisce Éireann: Leagtar amach sa chuid seo fís, stair agus oidhreacht Uisce Éireann chomh maith le cuspóir an Dréacht-PSSU 2050.**
2. **Dúshláin atá romhainn idir seo agus 2050: Shainaithníomar na saincheisteanna is tábhachtaí, dar linn, a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go mór ar Uisce Éireann sa tréimhse idir seo agus 2050.**
3. **Sracfhéachaint ar ár gCuspóirí Straitéiseacha: Tugtar achoimre sa chuid seo ar ár gcuspóirí straitéiseacha/tacaíochta.**
4. **Cuspóir Straitéiseach 1: Uisce óil Sábháilte agus Iontaofa**
5. **Cuspóir Straitéiseach 2: Tacú lenár gcustaiméirí, leis an bPobal agus leis an ngeilleagar**
6. **Cuspóir Straitéiseach 3: An Timpeallacht a Chosaint agus a Chur ar Ais mar a bhí**
7. **Cuspóir Straitéiseach 4: Seirbhísí Inbhuanaithe a Oireann don Aimsir atá Amach Romhainn**
8. **Cuir chuige maidir le dúshláin fhadtéarmacha a shárú: Ní mór dúinn cuir chuige nua agus bealaí oibre nua a ghlacadh ionas gur féidir linn ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.**
9. **Cur chun Feidhme: Leagaimid amach an chaoi a ndéanfar dul chun cinn a thomhas agus pléimid ár gcreat de straitéisí a bhfuilimid ag obair orthu ar bhonn indibhidiúil.**
10. **Athbhreithniú agus Leasú chun Dáta: Leagtar amach sa chuid seo an chaoi a ndéanfar an PSSU a athbhreithniú agus a leasú chun dáta.**



# Ceisteanna Comhairliúcháin

**CEIST 1:**
Leagaimid amach i gCuid 4 ár gceithre Chuspóir Straitéiseach. An bhfuil aon cheisteanna agat faoi na Cuspóirí Straitéiseacha agus na haidhmeanna agus gníomhartha a ghabhann leo?

- **Cuspóir Straitéiseach 1:** Uisce óil Sábháilte agus Iontaofa
- **Cuspóir Straitéiseach 2:** Tacú lenár gcustaiméirí, leis na pobail agus leis an ngeilleagar
- **Cuspóir Straitéiseach 3:** Ár dtimpeallacht a chosaint agus a chur ar ais mar a bhí.
- **Cuspóir Straitéiseach 4:** Seirbhísí Inbhuanaithe a oireann don aimsir atá amach romhainn.

**CEIST 2:**
Leagamar amach i gCuid 2 na dúshláin is mó a cheapaimid a mbeidh tionchar acu ar an gcaoi a gcuirimid ár seirbhísí uisce ar fáil idir seo agus 2050. An bhfuil aon tuairimí agat faoi na dúshláin sin?

**CEIST 3:**
I roinn 8 leagaimid ár gcuir chuige amach maidir le dúshláin fhadtéarmacha a shárú. An bhfuil aon tráchtanna agat maidir leo sin?

**CEIST 4:**
An bhfuil aon tuairimí agat faoi Thuarascáil Timpeallachta na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (MST) agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN), a ghabhann le dréacht-PSSU 2050?

## Cad a dhéanfaimid le do chuid freagraí?

**Déanfar aiseolas uait a thaifeadadh, a chur i dtoll a chéile, a anailísiú agus a mheas d'fhonn athruithe cuí ar dhréacht-PSSU 2050 a chinneadh.**

Tabhair faoi deara go bhféadfadh Uisce Éireann achoimre ar thorthaí an tsuirbhé a fhoilsiú agus go bhféadfadh sé roinnt sonraí ó na freagraí a fuarthas a fhoilsiú freisin, ach ní luafar ainmneacha. Aighneachtaí a fhaighimid, beidh siad go léir faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise agus faoi réir na reachtaíochta um Chosaint Sonraí.

## Dréachtphlean Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050

# Súil Mhear...

**Is é an Dréachtphlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050 (WSSP 2050) ár bplean straitéiseach fadtéarmach.**

Leagann sé amach ár gcuspóirí agus na modhanna trína ndéanaimid iarracht iad a bhaint amach i gcomhthéacs na ndúshlán suntasach is dócha a bheidh romhainn sna 25 bliain atá amach romhainn.

### Fís Uisce Éireann

Éire inbhuanaithe ina bhfuil meas ar uisce agus ina gcosnaítear é, don phláinéid seo agus do gach a maireann air.

**Soláthraímid** 1.72 billiún lítear d'uisce glan trí 64,000km de líonra píopaí agus 1,763 stáisiún caidéalúcháin.

**Próiseálaimid** 1.2 billiún lítear d'fhuíolluisce trí 1,056 ionad cóireála ó thithe agus ó ghnólachtaí.

### I ndréacht-leagan PSSU 2050 cuirimid na dúshláin atá romhainn maidir le seirbhísí uisce a sholáthar idir seo agus 2050.

- Athrú Aeráide
- Fás Daonra agus Eacnamaíoch
- Géarchéimeanna timpeallachta agus bithéagsúlachta
- Bonneagar atá ag dul in aois
- Reachtaíocht, rialáil agus beartas
- Dálaí Eacnamaíocha

### Is mian linn anois ionchur a fháil uait maidir le dréacht-PSSU 2050 agus na tuarascálacha timpeallachta gaolmhara. Is é sin is cúis leis an gcomhairliúchán poiblí seo.

Tá na doiciméid seo a leanas ar fáil ar ár suíomh gréasáin:

- Dréacht-leagan de PSSU 2050
- Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta
- Ráiteas Tionchair Natura
- Aiseolas Suirbhé Comhairliúcháin Ó
- Sonraí faoi gach ócáid chomhairliúcháin agus faoin tslí chun clárú

### Chun aghaidh a thabhairt ar na Dúshláin seo, cuirimid 4 chuspóir straitéiseacha i láthair

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1
**Uisce óil sábháilte agus iontaofa**

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2
**Tacú lenár gcustaiméirí, leis na pobail agus leis an ngeilleagar**

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3
**Ár dtimpeallacht a chosaint agus a chur ar ais mar a bhí**

CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4
**Seirbhísí Inbhuanaithe a Oireann don Aimsir atá Amach Romhainn**

Tá **14 aidhm straitéiseacha** agus **35 ghníomhaíocht** ag gabháil leis na **4 chuspóir straitéiseacha** trína bhfuil sé beartaithe againn ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

### An amlíne go dtí seo

**Fómhar 2023**
**Comhairliúchán 1** ar an bPáipéar Saincheisteanna, ar Scópáil MST & ar Scagadh MC.

**Samhradh 2024**
**Comhairliúchán Poiblí 2** ar dhréacht-leagan PSSU 2050 agus tuarascálacha timpeallachta gaolmhara.

**Fómhar 2024**
**Dréacht** - PSSU 2050 a thabhairt chun críche Eisigh lena fhaomhadh ag an Aire

**Earrach 2025**
PSSU 2050 a **fhoilsiú**

### Cur chun feidhme

- Leagtar amach i PSSU 2050 ár gcuspóirí fadtéarmacha agus ár dtreo straitéiseach taistil chun iad a bhaint amach. Cuirtear sonraí breise ar fáil inár bpleananna Shraith 2 faoin gcaoi a bhfuil sé mar aidhm againn ár gcuspóirí a bhaint amach. Sampla is ea ár bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a áireamh.
- Chun dul chun cinn a thomhas agus ár bhfeidhmíocht a mheas, tá Uisce Éireann á rialú ag ár rialtóir eacnamaíoch, an CRF (An Coimisiún um Rialáil Fóntas) agus an GCC (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil), ár rialtóir comhshaoil.
- Déanfar athbhreithniú ar PSSU 2050 gach 5 bliana.

NOCHT DO THUAIRIM...
**Comhairliúchán Poiblí**
an 21 Bealtaine go dtí an 16 Iúil 2024

# Na Chéad Chéimeanna eile

**Nuair a bheidh an comhairliúchán seo thart, déanfaidh Uisce Éireann athbhreithniú agus plé ar an aiseolas a fuair sé ó na páirtithe leasmhara ar fad. Cuirfear na haighneachtaí agus na tuairimí a gheofar ón gcomhairliúchán poiblí san áireamh, agus déanfar dréacht-PSSU 2050 a leasú chun dáta.**

Tar éis don Aire é a cheadú, glacfar an leagan deiridh de PSSU 2050 go luath in 2025, in éineacht le Ráiteas MST agus Cinneadh MC. Leagfar amach i Ráiteas MST na saincheisteanna a tarraingíodh anuas agus léireofar ann na leasuithe a rinneadh ar PSSU 2050 mar thoradh ar an gcomhairliúchán.

Déanfar athbhreithniú rialta ar PSSU 2050, gach cúig bliana, chun a chinntiú go mbeidh sé ábhartha i gcónaí. Cuirfidh na hathbhreithnithe seo ar ár gcumas dul i ngleic le cúinsí de réir mar a thagann athruithe orthu agus dul i ngleic le riachtanais a bhíonn ag athrú i rith an ama.

Déanfar PSSU 2050 a leasú chun dáta bunaithe ar leasuithe ar an reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí uisce agus bunaithe ar fhaisnéis níos fearr, go háirithe faisnéis a bhaineann le feidhmíocht sócmhainní, le déimeagrafaic agus leis an athrú aeráide.

**Comhairliúchán ar an bPáipéar Saincheisteanna agus an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Tuarascálacha Measúnachta Cuí Fómhar**

**Fómhar 2023**

An Páipéar Saincheisteanna a fhoilsiú, Scóipeáil MST agus Scóipeáil MC a scagadh agus aiseolas a lorg

**Comhairliúchán PSSU a haon**

**Scagadh ar an dréacht-leagan de PSSU 2050**

Measúnú ar an PSSU agus an cinneadh chun tabhairt faoi MST & MC mar thoradh air

**Comhairliúchán poiblí ar MST agus ar RTN an dréacht-leagan de PSSU 2050**

**Earrach/Samhradh 2024**

- Dréacht-leagan de PSSU 2050 a fhoilsiú
- An Tuarascáil Timpeallachta MST agus RTN a fhoilsiú
- Aiseolas a iarraidh ó Údaráis Timpeallachta agus ó na páirtithe leasmhara uile ar suim leo an scéal

**Comhairliúchán a dó ar dhréacht-PSSU 2050**

**Dréacht-leagan de PSSU2050 a ullmhú**

Doiciméid a nuashonrú mar fhreagra ar Chomhairliúchán a haon

**PSSU 2050 a chur i gcrích san**

**Fhómhar/sa Gheimhreadh in 2024.**


Eisigh lena fhaomhadh ag an Aire

**PSSU 2050 a fhoilsiú**

*(Faoi réir faofa)*

**Earrach 2025**

- PSSU 2050 deiridh a nuashonrú agus a fhoilsiú
- An Ráiteas maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta a fhoilsiú
- An Cinneadh maidir le Measúnacht Chuí a fhoilsiú
- Tuarascáil Chomhairliúcháin a Fhoilsiú




**An Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce**

## Treochlár Comhairliúcháin 2050

**Chun tuilleadh eolais a fháil nó chun tuilleadh aiseolais a thabhairt, déan teagmháil linn ag:**

**e.** wssp@water.ie

Water Services Strategic Plan, Uisce Éireann,
P.O. Box 13216, Glenageary, Co. Dublin

**t.**1800 46 36 76